

Nua-Aoisiú Dochair Dhírighe

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag nua-aoisiú a Scéim Dochair Dhírighe faoi láthair chun í a chur ar aon dul le gnáthchleachtas an tionscail. Tá sé seo mar ullmhúchán do nua-aoisiú níos leithne ar a phróisis íocaíochta agus baincúireachta a tharlóidh sna blianta amach romhainn.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim Dochar Díreach Seasta (FDD) ar fáil mar rogha íocaíochta faoi láthair ach tá siad ar cheann de na heagraíochtaí deireanacha atá fós ag cuir an rogha seo ar fáil. Faoi rogha FDD seo, íocann an cáiníocóir méid míosúil measta mar aon le híocaíocht chothromaíochta nuair a thíolactar tuairisceán bliantúil.

Tá sé i gceist ag na Coimisinéirí Ioncaim stop a chur leis an rogha íocaíochta FDD a cur ar fáil i leith CBL sna míonna amach romhainn. Bogfaimid go dtí Dochar Díreach Athraitheach (VDD) arb é an rogha íocaíochta níos caighdeánaí. Faoi rogha seo, tugann an cáiníocóir údarú do na Coimisinéirí Ioncaim an t-iarmhéid atá gan íoc a bhailiú go huathoibríoch nuair a bhíonn sé dlite. Cinntíonn sé seo go n-íocann an cáiníocóir an méid ceart i gcónaí ag an am ceart agus seachnaíonn sé an baol go dtiocfaidh ús chun cinn ar íocaíochtaí déanacha.

Éilíonn an t-aistriú go VDD le haghaidh CBL athrú ar mhinicíocht tíolactha ó bhonn bliantúil go bonn démhíosúil. Glacann na Coimisinéirí Ioncaim leis go bhféadfadh an t-athrú seo ar mhinicíocht tíolactha an costas riaracháin do ghnóthaí beaga a mhéadú. Mar sin féin, beag beann ar mhinicíocht tíolactha, tá riachtanas ar gach gnó a gcuid leabhar agus taifid a choinneáil cothrom le dáta. Chomh maith leis sin, tá roinnt de na buntáistí i gceist le tíolacadh démhíosúil in éineacht leis an rogha íocaíochta VDD do go leor gnóthaí, mar shampla:

- An cumas leas a bhaint as creidmheasanna CBL faofa a luaithé a thagann siad chun cinn sa bhliain, ar féidir iad a úsáid chun an t-iarmhéid atá dlite a laghdú nó a aisíoc. Ní fhéadtar é seo a dhéanamh faoi rogha íocaíochta FDD reatha, toisc nach ndéantar aon chreidmheasanna nó aisíocaíochtaí atá dlite a phróiseáil ach amháin tar éis deireadh na bliana. Tá sé seo tar éis an tuairisceán bliantúil CBL a thíolacadh, agus an íocaíocht chothromaíochta a íoc ina hiomláine.
- Níos mó cinnteachta agus infheictheachta maidir leis an staid cheart CBL níos luaithé sa bhliain chánach nuair a dhéantar tíolacadh gach 2 mhí de réir mar a thagann dliteanais chun cinn le haghaidh íocaíochta.
- Minicíocht íocaíochta laghdaithe toisc go dteastaíonn sé íocaíocht ar a mhéad in aghaidh na bliana (agus nuair a bhíonn iarmhéid gan íoc dlite ar feadh tréimhse). Faoi láthair, déantar 12 íocaíocht mhíosúil mar chuid den scéim FDD.
- Foráiltear ann d'íocaíocht thráthúil agus uathoibríche leis an iarmhéid atá gan íoc a bhailiú go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an dáta dlite gach 2 mhí, agus ní gá aon íocaíochtaí cothromaíochta a dhéanamh.
- Cuireann sé deireadh leis an ngá atá le meastachán a dhéanamh ar dhliteanais CBL agus gníomh leantach ag an gcáiníocóir. Cuireann an scéim FDD agus an tíolacadh bliantúil an dualgas ar an gcustaiméir a chinntiú go ndéanann siad íocaíochtaí

leordhóthanacha i rith na bliana. Sa chás nach n-íoctar méideanna leordhóthanacha as a dtagann íocaíocht chothromaíochta mar thoradh air, tá ús iníoctha mura n-íoctar an t-iarmhéid faoin dáta dlite. Má sháraíonn an t-iarmhéid atá dlite 20% den dliteanas bliantúil i leith CBL, déanfar ús a shiardhátú go dtí lár na bliana cuntasaíochta. Cuirtear deireadh leis an riosca seo leis an scéim VDD nua agus le tíolacadh démhíosúil.

Cuireann an t-athrú seo le hinfhaighteacht an rogha íocaíochta Dochair Dhíreach do gach custaiméir chun CBL agus Cáin Ioncaim Fostóra a íoc. Roimh Nua-Aoisiú Dochair Dhíreach, bhí an rogha íocaíochta FDD teoranta do chustaiméirí a chomhlíon uastairseacha áirithe:

- sa chás go raibh dliteanais Chánach Ioncaim Fostóra níos lú ná €25,000 agus
- i gcás dliteanais dhémhíosúla CBL níos lú ná €50,000.

Níl feidhm ag na tairseacha seo maidir le Dochair Dhíreacha Athraitheacha agus, dá bhrí sin, tá an rogha íocaíochta seo ar fáil do chách.

Cuireadh tús le feachtas cumarsáide a bhí sonrach do cháiníocóirí CBL, ag cur béime ar na hathruithe pleanáilte, lena n-áirítear an t-athrú ar mhinicíocht tíolactha, i mí Aibreáin 2025. Eisíodh litreacha chuig gach custaiméir CBL a bhfuil tionchar ag na hathruithe orthu. Leanfaidh litreacha saincheaptha ina dhiaidh sin ina leagfar béim ar na gníomhaíochtaí a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ar an gcáiníocóir araon chun aistriú go VDD. Eiseofar na litreacha saincheaptha seo ar bhonn rollach suas go dtí Aibreán 2026, de réir mar a thagann deireadh le tréimhse bhliantúil CBL an chustaiméara.

D'ainneoin na n-athruithe seo, áfach, tuigeann na Coimisinéirí Ioncaim go hiomlán an gá leanúnach atá ann an t-ualach riaracháin ar cháiníocóirí a laghdú agus a n-oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh acu. I dtaca leis seo, leanann na Coimisinéirí Ioncaim ag cur patrúin laghdaithe íocaíochta agus tíolactha ar fáil do ghnóthaí beaga a chomhlíonann critéir áirithe. Maidir le CBL, is iad seo a leanas na critéir cháilitheacha:

- Tuairisceáin cheithre mhí, má tá an dliteanas bliantúil CBL idir €3,001 agus €14,400.
- Tuairisceáin sé mhí, má tá an dliteanas bliantúil CBL idir €3,000 nó níos lú.

Sa chás go gcomhlíonann cáiníocóirí ceachtar de na critéir atá leagtha amach thuas, féadann siad iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun bogadh go dtí an mhinicíocht laghdaithe tíolactha is infheidhme.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Nuashonraithe go deireanach: Iúil 2025